

Cód Reachtanna Gníomhaireacht Tomhaltóirí na Sualainne

ISSN 0347-8041 (priontáilte), 2003-1068 (ar líne)
Foilsitheoir: Patrik Sundkvist

Comhairle ghinearálta Gníomhaireacht Tomhaltóirí na Sualainne maidir le cluichí a mhargú do thomhaltóirí,

a glacadh ar Roghnaigh an dáta anseo.¹

Ghlac Gníomhaireacht Tomhaltóirí na Sualainne an chomhairle ghinearálta seo a leanas. Baineann an chomhairle seo leis na forálacha maidir le margaíocht atá leagtha síos san Acht Cearrbhachais (2018:1138) agus leis an Acht Margaíochta (2008:486).

KOVF
S 2025:
2

Arna fhoilsiú an
Roghnaigh dáta.

Roinn 1. Forálacha tosaigh

1.1 Réamhrá

Is éard atá i gceist le comhairle ghinearálta ná moltaí maidir le reachtaíocht a chur i bhfeidhm, a léiríonn conas is féidir le duine nó ar cheart do dhuine gníomhú ar bhealach áirithe. Is é is aidhm do chomhairle ghinearálta léirmhíniú a shimpliú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a chur chun cinn, ach níl sí ceangailteach go foirmiúil.

Áirítear leis an gcomhairle ghinearálta rud ar a dtugtar meabhrán cinnidh ina bhfuil, i measc nithe eile, tuairimí ar an gcomhairle.

1.2 Iarratas

Baineann an chomhairle ghinearálta seo le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cluichí a mhargú do thomhaltóirí san Acht Cearrbhachais (2018:1138), an tAcht Cearrbhachais anseo feasta.

Baineann an chomhairle le cluichí a chuirtear ar fáil sa tSualainn, is cuma an gcuirtear an cluiche ar fáil ó thír eile.

Ní mheasfar cluichí ar líne nach bhfuil dírithe ar mhargadh na Sualainne a bheith curtha ar fáil sa tSualainn.

1.3 Sainmhínte agus coincheapa

Ciallaíonn *cluichí* crannchuir, gealltóireacht, scéimeanna comhcheangail agus scéimeanna pirimide;

¹ Féach Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil.

ciallaíonn *cluichí ar líne* cluichí a chuirtear ar fáil trí mhodhanna leictreonacha cumarsáide a úsáid agus a imríonn imreoir nó ilimreoirí agus an páirtí a sholáthraíonn an cluiche;

ciallaíonn *bónas* lascaine nó dreasacht airgeadais chomhchosúil atá nasctha go díreach leis an gcluiche;

ciallaíonn *margaíocht* fógraíocht agus bearta eile le linn gníomhaíochtaí gnó, arb é is aidhm dóibh díol táirgí agus rochtain ar tháirgí a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhartha, neamhghníomhartha nó bearta nó iompar eile trádálaí roimh tháirgí a dhíol le tomhaltóirí nó le trádálaithe, lena linn nó ina dhiaidh.

ciallaíonn *cumarsáid tráchtála* chun críche na comhairle seo, aon chineál cumarsáide tráchtála atá beartaithe chun cluichí arna soláthar ag ceadúnaí a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach.

Roinn 2. An ceanglas maidir le margaíocht mheasartha

2.1 Beidh margú cluichí measartha

Faoi Chaibidil 15, Roinn 1 den Acht Cearrbhachais, ní mór measarthacht a urramú agus cluichí á margú do thomhaltóirí.

Comhairle ghinearálta

D'fhonn a chinneadh an bhfuil beart margaíochta comhoiriúnach leis an gceanglas measarthachta, ní mór measúnú foriomlán a dhéanamh.

Tá feidhm ag an gceanglas measarthachta maidir le gach margú cluichí a thagann faoi raon feidhme Roinn 1.2 agus cumhdaítear leis an cur i láthair féin, ábhar na margaíochta, agus dearadh na margaíochta ar an meán roghnaithe.

Féadfar féachaint ar mhargú cluichí in áiteanna nach mbíonn tomhaltóirí ag súil le margaíocht den sórt sin iontu de ghnáth nó i gcás nár cheart margaíocht den sórt sin a dhéanamh iontu, mar rud nach bhfuil measartha ann féin, féach go háirithe Roinn 2.3 agus Roinn 2.4.

2.2 Dearadh na margaíochta

2.2.1 Margaíocht atá ionsáiteach agus a d'fhéadfadh aird ar leith a mhealladh

Comhairle ghinearálta

Níor cheart margú cluichí a bheith ionsáiteach ná ceaptha le haird ar leith a tharraingt. Níor cheart margáíocht a mheallann aird ar leith mar gheall ar a dearadh a cheadú.

2.2.1.1 Go háirithe, maidir leis an gcorrlach a bhaineann le buachan

Comhairle ghinearálta

Ní bheidh margáíocht cluichí deartha ar shlí a thabharfaidh le tuiscint go bhfuil na corrlaigh a bhaineann le buachan níos mó ná mar atá siad. Samplaí de mhargáíocht den sórt sin is ea maímh a thugann le tuiscint don tomhaltóir go bhfuil sé éasca suimeanna móra airgid a bhuachan, nó maímh gur féidir é a bhuachan go tapa.

Níor cheart margáíocht a dhearadh ná a chur i láthair ar bhealach a thugann le tuiscint go bhfuil an tomhaltóir ráthaithe a bhuachan, nó go bhfuil sé dodhéanta i bprionsabal gan a bhuachan.

2.2.1.2 Go háirithe, maidir le dearaí teicniúla agus grafacha

Comhairle ghinearálta

Meastar gur mar seo a leanas atá dearaí teicniúla nach féidir leis an tomhaltóir a sheachaint go réasúnach:

ionsáiteach agus nach bhfuil i gcomhréir leis an gceanglas measarthachta. D'fhéadfadh samplaí de dhearaí teicniúla den sórt sin a bheith i míreanna aníos agus i bhfógraí a ghlacann seilbh ar an scáileán iomlán nó a d'fhéadfaí a mheas a bheith ionsáiteach ar shlí eile.

Féadfar dearaí teicniúla ina bhfuil, mar shampla, eilimintí bíogacha agus/nó gealánacha agus a tharraingíonn aird ar leith a mheas a bheith ionsáiteach agus gan a bheith comhoiriúnach leis an gceanglas measarthachta.

2.2.1.3 Go háirithe maidir le rannpháirtíocht daoine aitheanta i margáíocht cluichí

Comhairle ghinearálta

Nuair a úsáidtear daoine aitheanta agus rathúla chun margáíocht a dhéanamh ar chluichí, níor chóir an mhargáíocht a dhearadh sa chaoi is go dtabharfaí le tuiscint gur chuir cearrbhachas le rath nó le clú an duine.

Níor cheart go dtabharfadh an mhargáíocht le tuiscint freisin gur féidir le cearrbhachas a bheith ina chúis le

rath nó dea-cháil den sórt sin d'imreoirí eile.

2.2.2 Margáíocht ghríosaitheach

Comhairle ghinearálta

Níor cheart teachtaireachtaí gríosaithe a bheith i margú cluichí a d'fhéadfadh an tomhaltóir a spreagadh nó tionchar a imirt air chun cinneadh gan réamhbheartú a dhéanamh tús a chur leis an imirt.

Margáíocht, is cuma cén t-ábhar atá inti, mar thoradh ar a suíomh, a cur i láthair nó dearadh sonrath eile, gur féidir a mheas go spreagann sí cearrbhachas agus nár cheart a mheas go bhfuil sí comhoiriúnach leis an gceanglas measarthachta.

2.2.2.1 *Margaíocht chruinn chothrom*

Comhairle ghinearálta

Ba cheart margaíocht cluichí a bheith oibiachtúil agus cothrom ó thaobh dearaidh agus ábhair de. Níor chóir margaíocht a dhearadh ar bhealach a thabharfadh le tuiscint go bhfuil an cluiche saor ó riosca.

Níor cheart go n-áireofaí ar an margaíocht maímh nach gá aon iarracht a dhéanamh nuair a bhíonn frithfheidhmíocht ag teastáil ón tomhaltóir, mar shampla nach mór don tomhaltóir ranníocaíocht a íoc chun páirt a ghlacadh sa chluiche.

Níor cheart go gcuirfeadh an mhargaíocht an tuiscint in iúl gur féidir le cearrbhachas a bheith mar réiteach ar fhadhbanna sóisialta nó eacnamaíocha. Samplaí de mhargaíocht den sórt sin is ea ráitis a thugann le tuiscint gur rogha eile é an cearrbhachas ar fhostaíocht, ar ioncam, nó ar réiteach ar fhadhbanna sóisialta amhail uaigneas nó leadrán.

2.3 Cosc ar mhargaíocht atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga

Faoi Chaibidil 15, Roinn 1, pointe 2 den Acht Cearrbhachais, tá toirmeasc ar mhargaíocht cluichí a dhíriú go sonrach ar dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Comhairle ghinearálta

Ba cheart a chumhdach leis an toirmeasc, ar thaobh amháin, margaíocht atá dírithe go hintinneach nó go sainráite ar leanaí agus ar dhéagóirí agus, ar an taobh eile, margaíocht a fhágann, trína dhearadh, gur dócha go dtabharfaidh leanaí agus déagóirí aird ar leith air agus go dtiocfaidís faoi anáil na margaíochta.

D'fhonn a chinneadh an meastar go bhfuil beart margaíochta dírithe go sonrach ar leanaí nó ar dhaoine óga, ní mór measúnú foriomlán a dhéanamh. Ba cheart siombailí agus feiniméin a d'fhéadfadh a bheith bainteach go réasúnta le leanaí agus déagóirí nó a d'fhéadfadh a bheith tarraingteach go háirithe dóibh a sheachaint. D'fhéadfadh an rogha cainéal margaíochta, carachtair, dathanna, íomhánna, leagan amach agus ceol a bheith ina dtosca den sórt sin is féidir a chur san áireamh le linn an mheasúnaithe.

Níor cheart an mhargaíocht a chur i láthair ar bhealach a bhainfeadh leas as easpa taithí agus easpa eolais leanaí agus daoine óga. Níor cheart margaíocht a chur i láthair ach oiread ar bhealach a thabharfadh le fios gur cruthúnas ar bheith fásta é cearrbhachas.

2.3.1 *Faisnéis shonrach maidir le margaíocht in áiteanna atá beartaithe do leanaí agus do dhaoine óga*

Comhairle ghinearálta

Ní cheadaítear cluichí a mhargú in áiteanna, idir dhigiteach agus fhisiciúil, atá beartaithe go príomha do leanaí agus do dhaoine óga. I measc na samplaí de spásanna digiteacha tá fóraim ar líne, cuntais agus grúpaí meán sóisialta,

podchraoltaí agus cláir theilifíse. Féach freisin Roinn 2.4, pointe 2 maidir le fógraíocht lasmuigh in áiteanna atá beartaithe go sonrach do leanaí agus do dhaoine óga.

2.3.2 Fógraíocht ina dtaispeántar leanaí agus daoine óga

Comhairle ghinearálta

Níor cheart íomhánna de leanaí agus de dhaoine óga a bhaineann le margáíocht cluichí a bheith le feiceáil ach amháin más é cuspóir na n-íomhánna cur síos a dhéanamh ar an gcuspóir neamhbhrabúis lena gcuireann an ghníomhaíocht agus go gcomhlíonann an mhargáíocht an ceanglas measarthachta ar shlí eile.

2.3.3 Urraíocht agus táirgí atá beartaithe do leanaí agus do dhaoine óga

Deirtear i gCaibidil 15, Alt 5 den Acht Cearrbhachais an méid seo a leanas i gcás comhaontuithe urraíochta

áiritheoidh an ceadúnaí nach bhfuil a lógónna ná a ainmneacha táirgí cearrbhachais nó seirbhísí cearrbhachais le fáil ar tháirgí atá beartaithe lena n-úsáid ag daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Comhairle ghinearálta

Níor cheart lógónna agus ainmneacha ceadúnaithe táirgí nó seirbhísí cearrbhachais a bheith le feiceáil i gcomhthéacsanna agus i gcruinnithe atá dírithe go sonrach ar leanaí agus ar dhaoine óga.

2.4 Go háirithe, maidir le fógraíocht lasmuigh

Comhairle ghinearálta

Ceadaítear fógraíocht lasmuigh de chluichí go ginearálta, ar choinníoll go gcomhlíonann sé an riachtanas measarthachta. D'fhonn a chinneadh an bhfuil an fhógraíocht lasmuigh comhoiriúnach leis an gceanglas measarthachta, ní mór measúnú foriomlán a dhéanamh.

Níor cheart fógraíocht lasmuigh cluichí a dhéanamh in áiteanna atá beartaithe go sonrach do leanaí agus do dhéagóirí. Féach freisin Roinn 2.3 maidir le toirmeasc ar mhargáíocht atá dírithe go sonrach ar leanaí agus ar dhéagóirí.

Roinn 3. Fógraíocht dhíreach

3.1 Toirmeasc ar fhógraíocht dhíreach d'imreoirí eisiata

Faoi Chaibidil 15, Roinn 2 den Acht Cearrbhachais, ní fhéadfar margáíocht a dhíriú go díreach ar thomhaltóirí a roghnaigh féineisiamh ó chearrbhachas. I gcás ina bhfuil tomhaltóir tar éis a chuntas cearrbhachais a fhoirceannadh le ceadúnaí, ní fhéadfaidh an ceadúnaí margáíocht a dhíriú go díreach ar an tomhaltóir ach amháin má rinne an tomhaltóir é a fhorhmeas go gníomhach i ndáil leis an bhfoirceannadh.

Comhairle ghinearálta

Ba cheart go gcumhdófaí leis an toirmeasc gach cineál fógraíochta díri agus ba cheart feidhm a bheith aige is cuma cé acu a d'eisiaigh an tomhaltóir é féin ó chearrbhachas sa chlár féineisiaimh nó go díreach leis an gceadúnaí.

Roinn 4. Oibleagáid chun faisnéis a sholáthar

Faoi Chaibidil 15, Roinn 3 den Acht Cearrbhachais, ní mór faisnéis shoiléir a bheith i gcumarsáid tráchtála le haghaidh cluichí maidir leis an aois íosta le haghaidh imeartha.

In ionaid ina dtarlaíonn cearrbhachas, agus i gcomhthéacs cumarsáid tráchtála a bhaineann le cearrbhachas — cé is moite de chumarsáid den sórt sin trí raidió — áiritheoidh ceadúnaithe go dtabharfar faisnéis teagmhála freisin i gcás eagraíochta a sholáthraíonn faisnéis maidir le cearrbhachas fadhbach agus tacaíocht do chearrbhachas fadhbach.

4.1 Ceanglais shoiléire faisnéise

Comhairle ghinearálta

I gcomhthéacs teachtaireachtaí tráchtála le haghaidh cluichí, áiritheoidh an ceadúnaí go ndéanfar faisnéis maidir leis an teorainn aoise le haghaidh an chluiche agus sonraí teagmhála na heagraíochta tacaíochta a chur faoi bhráid tomhaltóra ar bhealach soiléir.

Cuirfear faisnéis maidir leis an teorainn aoise agus sonraí teagmhála na heagraíochta tacaíochta in iúl go soiléir sa chumarsáid tráchtála. Níor cheart an fhaisnéis a shuí sa chaoi go mbeidh an baol ann go ndéanfar í a chumasc leis an gcúlra, a scríobh i dtéacs atá deacair le léamh nó i dtéacs beag, nó a chur i láthair ar bhealach ar bith eile a fhágann nach bhfuil sé chomh héasca céanna don tomhaltóir rochtain a fháil uirthi.

4.1.1 Go háirithe, sonraí teagmhála na heagraíochta tacaíochta

Comhairle ghinearálta

Chun an ceanglas faisnéise a chomhlíonadh, níor cheart a mheas gur leor ainm na heagraíochta tacaíochta a chur in iúl go simplí. Ba cheart foirm éigin d'fhaisnéis teagmhála bhreise, amhail seoladh gréasáin, seoladh ríomhphoist nó uimhir theileafóin, a sholáthar freisin.

Roinn 5. Tairiscintí bónais

Chomh maith leis an gcomhairle shonrach sa Roinn seo, tá feidhm ag Ranna 2, 3 agus 4 freisin maidir le tairiscintí bónais a mhargú.

Sainmhínítear an téarma bónais i Roinn 1.3 agus leanann sé sainmhíniú an Achta Cearrbhachais.

Comhairle ghinearálta

Chun a chinneadh an tairiscint bhónais í tairiscint laistigh de réir bhrí an Achta Cearrbhachais, ní mór measúnú foriomlán a dhéanamh. Féadfar tairiscint a mheas mar thairiscint bhónais fiú mura luaitear an

téarma ‘bónas’ go sainráite sa mhargaíocht. Téarmaí agus coinníollacha maidir le gach tairiscint bónais

De réir Chaibidil 11, Roinn 6 den Reacht Cearrbhachais (2018:1475), agus bónas á thairiscint, ní mór do cheadúnaí ar bhealach soiléir sothuigthe, tráth a dhéantar an tairiscint agus nuair a úsáideann an t-imreoir an tairiscint, an t-imreoir a chur ar an eolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir leis an tairiscint.

5.1.1 Socrú agus cur i láthair na dtéarmaí agus na gcoinníollacha go léir le haghaidh tairiscintí bónais

Comhairle ghinearálta

Agus tairiscint bónais á margú aige, ba cheart don cheadúnaí deis a thabhairt don tomhaltóir é féin a chur ar an eolas go soiléir faoi théarmaí agus coinníollacha na tairisceana. Má dhéantar tairiscint bónais a mhargú ar an idirlíon,

níor cheart téarmaí agus coinníollacha uile na tairisceana a chur i láthair níos mó ná cliceáil amháin ar shiúl ón bhfógra.

Ba cheart téarmaí agus coinníollacha na tairisceana bónais a chur i láthair ar bhealach soiléir agus leithleach agus ar leithligh ó théarmaí agus coinníollacha eile an cheadúnaí. Níor cheart tagairt do leathanach baile an cheadúnaí a mheas mar rud leordhóthanach.

5.1.2 Sula n-úsáidtear tairiscintí bónais

Comhairle ghinearálta

Chomh maith leis an méid a luaitear in 5.1.1 sula n-úsáideann an tomhaltóir an tairiscint, ba cheart don cheadúnaí, leis, téarmaí agus coinníollacha na tairisceana a chur i láthair go soiléir.

Níor cheart an tairiscint bónais a dhearadh sa chaoi is go mbeidh cathú ar an tomhaltóir glacadh leis gan na téarmaí agus na coinníollacha a léamh ar dtús. Mar shampla, níor cheart go mbeadh gnéithe suntasacha ann a chuireann ar chumas an tomhaltóra glacadh leis an tairiscint go díreach.

5.2 Téarmaí agus coinníollacha thar a bheith tábhachtach maidir le tairiscintí bónais

Comhairle ghinearálta

Ba cheart a mheas i gcás an tomhaltóra go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis na coinníollacha maidir le ceanglais láimhdeachais, ceanglais idirghabhála agus teorainneacha ama. Ba cheart a mheas, leis, i gcás an tomhaltóra go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gcoinníoll nach bhféadfaidh ach imreoirí nua an tairiscint a fháil, i gcás inarb infheidhme.

5.2.1 Suíomh agus cur i láthair coinníollacha thar a bheith tábhachtach maidir le tairiscintí bónais

Comhairle ghinearálta

Ba cheart na téarmaí agus na coinníollacha a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo a chur i láthair go soiléir san fhógra tosaigh ina ndéantar an tairiscint bhónais a mhargú. Níor cheart na coinníollacha a shuí ná a chur i

láthair ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé deacair don tomhaltóir iad a fheiceáil, mar shampla i dtáib fholaíthe.

Roinn 6. Go háirithe, maidir le clárú

Faoi Chaibidil 12, Alt 1 den Acht Cearrbhachais, ní mór do cheadúnaí aon duine ar mian leis páirt a ghlacadh i gcearrbhachas a chlárú. Faoi Chaibidil 13, Roinn 1 den Acht céanna, ní mór do cheadúnaí a bhfuil ceadúnas aige le haghaidh cearrbhachas ar líne cuntas cearrbhachais a oscailt do gach imreoir cláraithe.

6.1 Margáiocht i dtaca leis an bpróiseas clárúcháin

Comhairle ghinearálta

Margáiocht ina bhfuil teachtaireachtaí áititheacha mealltacha maidir le leanúint le clárú a roghnaigh an tomhaltóir a chur ar ceal, níor cheart a mheas go bhfuil sí comhoiriúnach leis an gceanglas measarthachta.

6.2 Maímh nach bhfuil aon chlárú ag teastáil

Comhairle ghinearálta

Ní fhéadfaidh ceadúnaithe atá faoi réir an cheanglais chlárúcháin maímh a úsáid ina gcuid margáiochta a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint don tomhaltóir nach bhfuil aon chlárú nó cuntas imreoir ag teastáil le himirt.

Tiocfaidh an chomhairle ghinearálta seo i bhfeidhm Roghnaigh an dáta anseo.

CECILIA TISELL